Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Aibreán 2017**
**(OR. en)**

**8096/17**

**FIN 247**
**AG 12**
**INST 165**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa “Rialachas sa Choimisiún Eorpach - dea-chleachtas?” *Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle* |

1. Ar an 18 Deireadh Fómhair 2016, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2016 dar teideal "Rialachas sa Choimisiún Eorpach - dea-chleachtas?".[1]
2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna conclúidí ón gcomhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gcúirt iniúchóirí[2], ag a chruinniú an 15 Feabhra 2017 thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil seo i gcomhréir leis na rialacha thuasluaite.
3. Rinne an Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta scrúdú ar an tuarascáil ag an gcruinniú a bhí aici ar an 31 Márta 2017. Ar an 21 Aibreán 2017, tháinig sí ar chomhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle, mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.
4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, na dréachtchonclúidí sin ón gComhairle a fhormheas agus iad a chur faoi bhráid na Comhairle, mar mhír "A", le go nglacfar iad.

---

[1] Tá an tuarascáil speisialta seo le fáil i ngach teanga oifigiúil ar shuíomh gréasáin na Cúirte: http://eca.europa.eu.
[2] 7515/00 + COR 1.

**DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "Rialachas sa Choimisiún Eorpach - dea-chleachtas?"**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt'anseo feasta) 'Rialachas sa Choimisiún Eorpach - dea-chleachtas?';

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurbh é cuspóir an iniúchta measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil na socruithe rialachais atá ar bun ag an gCoimisiún maidir le hiniúchadh agus maidir le bainistiú agus rialú airgeadais i gcomhréir leis an dea-chleachtas aitheanta agus le riachtanais na hinstitiúide;

3. AITHNÍONN SÍ na conclúidí atá sa tuarascáil agus a úsáidí atá na moltaí atá iontu;

4. MEABHRAÍONN SÍ go mbunaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh prionsabail uileghabhálacha chreat rialachais an Choimisiúin, agus go léirítear sa chreat sin gur institiúid fhornáisiúnta é an Coimisiún lena mbaineann struchtúr ar leith;

5. AITHNÍONN SÍ gur eascair dea-chleachtas as athchóirithe eagraíochtúla agus as tionscnaimh eagraíochtúla a rinne an Coimisiún le déanaí mar a leanas: tá leas á bhaint as cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe ó 2005 i leith, mar thoradh ar bhrú ón gComhairle, cruthaíodh an gréasán le haghaidh Rialú Inmheánach Poiblí (PIC) in 2012 chun rialachas maith a chur chun cinn sna Ballstáit, agus foilsíodh an Pacáiste le haghaidh Tuairisciú Comhtháite Airgeadais in 2016 a bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistiú agus Feidhmiú ina chuid de;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an fhreagairt ón gCoimisiún atá i gceangal le Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2016 agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí a bheartaítear nó gur ghlac sé le cuid díobh;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil na chéad chéimeanna glactha ag an gCoimisiún cheana chun aghaidh a thabhairt ar chuid den na moltaí sonracha. An méid seo a leanas go háirithe:
   a) Tá an Coimisiún ag obair faoi láthair ar uasdátú an Ráitis Rialachais;
   b) Tá feabhas á chur faoi láthair ar shocruithe a rinne an Coimisiún i dtaca le rialú agus iniúchadh le go mbeidh siad go hiomlán i gcomhréir leis na prionsabail rialaithe inmheánaigh a d'eisigh Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta ar Choimisiún Treadway (COSO) in 2013;
   c) D'iarr an Coimisiún ar an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchóireacht a dhéanamh ar shocruithe rialachais a bhaineann le bainistiú riosca, le tuairisciú airgeadais agus le feidhm an fhíoraithe ex-post/iniúchóireachta; cuireadh iniúchadh den sórt sin ar bun i mí Eanáir 2017;
   d) Tá an tríú comhalta seachtrach den Choiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta á roghnú ag an gCoimisiún.
8. IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, i gcomhthéacs chur chun feidhme na moltaí a bhaineann le foilsiú na gcuntas bliantúil (Moladh 2 (c)) agus ullmhú tuarascáil aonair ar chuntasacht nó sraith de thuarascálacha (Moladh 2(d)), teacht ar réamhchomhaontú leis na Ballstáit maidir le haon athbhreithniú ar na spriocdhátaí faoinar gá na sonraí riachtanacha a chur ar fáil, lena mheas an bhfuil an t-athbhreithniú sin indéanta agus cén tionchar a imreofar ar shláine na sonraí a chuirtear ar fáil;
9. IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, mar fhreagairt ar an moladh maidir le foilsiú an mheastacháin ar leibhéal na hearráide (Moladh 2(f)), a shoiléiriú cibé ar ceapadh gníomhaíochtaí ar bith chun an mhodheolaíocht i dtaca leis an ráta earráide reatha a fheabhsú, agus más rud é gur ceapadh, a shoiléiriú go háirithe cibé an mbeadh éifeacht ag na hathruithe ar an gcur chuige comhchoiteann i leith meastachán a dhéanamh, i gcomhar le húdaráis iniúchóireachta na mBallstát, ar an leibhéal earráide a shainítear;
10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aird lánmhaith a thabhairt ar chur chun feidhme na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta seo agus IARRANN SÍ ar an gCúirt tuarascáil ar dhul chun cinn a thabhairt.